

**An fhilíocht á teagasc:**

San alt seo a leanas, tugtar cúpla moladh ginearálta maidir le teagasc na filíochta. Sula dtugtar faoi léirléamh a dhéanamh ar dhán, níor mhiste rud beag eolais a thabhairt do na scoláirí faoin fhile féin agus faoina shaothar trí chéile. An mbaineann na dánta atá faoi chaibidil le luathshaothar an fhile, mar shampla? Cé na téamaí eile a shaothraíonn an file? Níor mhiste saothar an fhile a chur i gcomhthéacs ó thaobh na staire de; is mór, mar shampla, idir an ré inar mhair Máirtín Ó Direáin agus Éire na linne seo.

Maidir le mionléamh a dhéanamh ar an dán féin, d'fhéadfaí aird na scoláirí a dhíriú ar na gnéithe seo a leanas:

- Teideal an dáin: is minic neamhiontas á dhéanamh de theideal an dáin – in amanna, áfach, bíonn tábhacht ar leith ag roinnt leis an teideal féin.
- Pearsa an dáin: An bhfuil an chéad phearsa nó an tríú pearsa i gceist? Ba chóir idirdhealú a dhéanamh idir an file mar dhuine stairiúil agus an phearsa a labhrann sa dán. Is é sin le rá, ní hionann i gcónaí taithí an fhile agus ábhar an dáin. Ní chóir, mar sin de, léamh simplí beathaisnéiseach a dhéanamh. Tá cnuasach filíochta faoi Heipitéas C scríofa ag Celia de Fréine, mar shampla, agus cé go bhfuil cuid mhór de na dánta sin scríofa sa chéad phearsa, níl taithí phearsanta ag an fhile ar an ghalair sin.
- Mothúcháin an dáin: cé na mothúcháin a léirítear sa dán – grá, díomá, fuath, fearg, mar shampla?
- Téamaí an dáin: cé na téamaí a phléitear sa dán – an grá, an bás, imeacht an ama, cúrsaí polaitíochta, bá leis an áit dhúchais, mar shampla?
- Cén dóigh a gcuirtear na mothúcháin agus na téamaí in iúl? An mbaintear úsáid as meafair? ‘Oileán is ea do chorp’, mar shampla. An bhfuil íomhánna i gceist?

## Nuala Ní Dhomhnaill

### ***Eolas beathaisnéise***

Rugadh Nuala Ní Dhomhnaill in Lancashire, Sasana, sa bhliain 1952 agus chaith sí tréimhse dá hóige ina cónaí i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i gCo. Chiarraí. Cainteoir dúchais Gaeilge as an Bhaile Mhór, Corca Dhuibhne, ba ea a máthair agus Gaeilgeoir ó chathair Chorcaí ba ea a hathair. Cé gurbh í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh, deir Ní Dhomhnaill nach gaol neamhchasta atá aici leis an Ghaeltacht féin: ‘Is de bhunadh na Gaeltachta mé ach ní ón nGaeltacht mé, tá glúin difríochta eadrainn’ (in de Paor 1989: 48). Bhí sí ar dhuine de na scoláirí óga a d’fhreastail ar Ollscoil Chorcaí ag tús na 1970idí agus ar dhuine den ghlúin *Inntí* a d’fhéach le filíocht na Gaeilge a chur in oiriúint dá taithí uirbeach féin. Tá cur síos ag Ní Dhomhnaill ar a hóige agus ar a tionscnamh filíochta san alt ‘Cé leis tú?’ (2000).

### ***Saothar Ní Dhomhnaill***

Foilsíodh an chéad chnuasach filíochta léi, *An Dealg Droighin*, sa bhliain 1981. Tá trí chnuasach eile i ndiaidh teacht óna peann ó shin i leith: *Féar Suaithinseach* (1984), *Feis* (1991) agus *Cead Aighnis* (1999). Ina theannta sin, tá cúig chnuasach dhátheangacha léi i gcló, mar atá, *Rogha Dánta* (1988), *Pharaoh’s Daughter* (1990), *The Astrakhan Cloak* (1992), *The Water Horse* (1999) agus *The Fifty-Minute Mermaid* (2007). Tá aistriúchán Seapáinise den chnuasach *Pharaoh’s Daughter* i gcló chomh maith leis an iliomad dánta aonair a aistríodh go teangacha eile, an Danmhairgis, an Rómáinis, an Ghearmáinis, an Fhraincis agus an Iodáilis, ina measc. Foilsíodh cnuasach d’aistí Béarla léi sa bhliain 2005 faoin teideal *Selected Essays*.

### ***Téamaí i bhfilíocht Ní Dhomhnaill***

Foilsíodh an dán ‘Leaba Shíoda’ a chéaduaire sa chnuasach *An Dealg Droighin*, foilsíodh an dán ‘Oileán’ sa dara cnuasach agus foilsíodh an dán ‘An tSeanbhean Bhocht’ sa tríú cnuasach, *Feis*. Aithnítear go raibh guth agóideach feimineach le cloisteáil go láidir i luathshaothar Ní Dhomhnaill, sa chéad dá chnuasach go speisialta, ach gur tháinig maolú ar an tréith fheimineach seo de réir mar a tháinig Ní Dhomhnaill faoi anáil theoiricí síceolaíochta Carl Gustav Jung. Tá achoimre ag Bríona Nic Dhiarmada (1993) ar thionchar theoiricí Jung ar fhilíocht Ní Dhomhnaill. Tá mionchuntas ar thionscnamh filíochta Ní Dhomhnaill thar raon plé an ailt seo. Is leor a rá, ámh, nach file feimineach í Ní Dhomhnaill go príomha, ach file atá go mór ar son na daonnachta agus na cothromaíochta – bíodh cúrsaí inscne nó cúrsaí síce i gceist.

Maidir leis na príomhthréithe eile a roinneann le filíocht Ní Dhomhnaill, tá an t-athshaothrú a dhéanann sí ar fhoinsí béaloidis le cur síos a dhéanamh ar ábhar comhaimseartha. Creideann Ní Dhomhnaill, mar shampla, go raibh feidhm shíceolaíoch go minic ag síscéalta, ag scéalta faoi thaibhsí agus faoi chailleacha.

Téann sí i muinín na scéalta sin le cur síos a dhéanamh ar ábhair chigilteacha, an galar dubhach, anoireicse agus foréigean baile san áireamh.

Tá Ní Dhomhnaill ar an fhile Ghaeilge is cáiliúla i measc léitheoirí an Bhéarla agus ar dhuine de na filí is mó a fháiltíonn roimh aistriúcháin ar a saothar. I measc na bhfilí a d'aistrigh dánta le Ní Dhomhnaill tá Seamas Heaney, Michael Hartnett, Paul Muldoon, Michael Longley, Medhbh McGuckian, gan ach an beagán a lua. Pé ní faoi na díospóireachtaí iomadúla faoi chúrsaí aistriúcháin agus faoin ghaol idir an bundán agus an t-aistriúchán, sílim gurbh fhiú go mór roinnt de na haistriúcháin a phlé le scoláirí mar dhóigh le cur ina luí orthu nach ionann an t-aistriúchán agus an bundán agus go bhfuil buntáiste ag an léitheoir dátheangach ar féidir leis na haistriúcháin a mheas.

### ***Leaba Shíoda***

Dán grá é seo mar a ndéanann an file iontas de thréithe fisiciúla a leannáin: 'Craiceann a shníonn ... thar do ghéaga mar bhainne á dháil as crúiscíní'; 'do bheola taise ar mhilseacht siúcra'; a cuid gruaige mar chnocáin. Is cosúil gur athscríobh ar fhoirmli seanchaite na ndánta grá an cur síos cruinn collaí seo. Tá 106 dán in eagar ag Tomás Ó Rathile sa chnuasach *Dánta Grádha* (1976) agus deir Robin Flower sa réamhrá a chuir sé leis:

The ladies celebrated in these poems are beautiful after one pattern ... Under golden tresses, rippled or in innumerable curls, shines the broad white forehead, luxuriant brows shade blue eyes moving in their orbit with stately slowness, the cheeks smoulder like a fire, the lips are crimson over the level range of snowy teeth .... (in Ó Rathile 1976, xxvi)

Cé go bhfuil cuid de na tréithe fisiceacha céanna luaite i ndán Ní Dhomhnaill, is dán lánphaisean é ina gcuirtear fíormhothúcháin in iúl, shílfeá. Sa mhéid is go bhfuil dáta a chumtha luaite leis an dán, treisítear ar an ghné phearsanta den dán. Tuigtear don léitheoir nach dán foirmeálta molta atá anseo ach dán ina gcuirtear mianta na chéad phearsan in iúl i bhfriotal atá fileata agus comhráiteach in éineacht:

Ó, chóireoinn leaba duit  
i Leaba Shíoda  
le hamhascarnach an lae  
i ndeireadh thall  
is ba mhór an pléisiúr dúinn  
bheith géaga ar ghéaga  
ag iomrascáil  
am lonnaithe na leamhan.

D'fhógair an tOllamh Seán Ó Tuama (1986, 100) gur 'classic' é an dán 'Leaba Shíoda' i measc dánta leispiacha an domhain. Is fiú cuimhneamh, áfach, nach ionann an chéad phearsa i gcónaí agus an duine stairiúil – is é sin le rá, ní gá gur

bunaithe ar thaithí phríobháideach Ní Dhomhnaill atá an dán seo. Leoga, dhiúltaigh Ní Dhomhnaill féin don léamh beathaisnéiseach á rá gurb í an Bhé an leannán mná sa dán. Is é sin le rá, is cur síos meafarach a fhaightear sa dán seo ar chaidreamh an bhanfhile le Bé na filíochta. Is nós liteartha seanbhunaithe é féith na filíochta, an inspioráid nó Bé na filíochta a chur i láthair mar bhean. Thrácht John Montague ar an deacracht a chruthaíonn an nós liteartha seo do bhanfhilí, dar leis: 'Psychologically, a female poet has always seemed an absurdity, because of the necessarily intense relationship between the poet and the Muse' (Montague 1974: 22). Tugann dán Ní Dhomhnaill aghaidh ar an deacracht seo agus cruthaíonn sí nach aon bhac don bhanfhile an nós liteartha céanna.

### **Oileán**

Ar an chéad léamh, is cosúil gur dán grá atá i gceist leis an dán 'Oileán'; leannán mná ag déanamh iontais de cholainn a fir. Is geal le hoileán an cholainn: 'oileán is ea do choirp ... do ghéaga spréite ar bhraillín'. Leagtar béim ar leith ar áilleacht a éadain 'toibreacha fíoruisce iad t'uisí ... Tá do dhá shúil/ mar locha sléibhe ... Gíolcaigh scuabacha iad t'fhabhraí'. Is í an chéad phearsa, an leannán mná, an gníomhaí atá sásta dul sa tóir ar a grá geal: 'threabhfaínn trí fharraigí arda/ is thiocfainn chughat...'

Tharlódh sé go bhféadfaí malairt léimh a dhéanamh ar an dán seo, áfach. D'fhéadfaí a mhaíomh gur oileán atá á chur i gcosúlacht le colainn fir. Is é sin leoga, an nós atá ag muintir Chorca Dhuibhne a ghlaíonn 'An Fear Marbh' ar Inis Tuaiscirt, an t-oileán is faide ó thuaidh de na Blascaodaí. Tagraíonn an t-ainm don chruth atá ar an oileán ar íor na spéire. Is cur síos collaí a dhéanann an chéad phearsa ar ghnéithe aiceanta den oileán: toibreacha fíoruisce an oileáin, locha sléibhe agus gíolcaigh scuabacha ag fás faoina gciumhais. Tá an dáimh leis an áit dhúchais á cur in iúl mar chaidreamh collaí idir an chéad phearsa agus a leannán fir. Tá an cur i láthair seo droim ar ais leis an nós liteartha an talamh féin a shamhlú mar bhean nó mar bhandia. Ba mhinic an caidreamh idir an rí agus a ríocht (a chuid talún) á chur i láthair mar phosadh idir fear agus mná ag filí na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Athscríobh feimineach mar sin de atá ar siúl ag Ní Dhomhnaill sa dán seo. Tá an nós liteartha seo droim ar ais aici le teann dánaíochta. Cuirtear an bhá leis an áit dhúchais in iúl mar chaidreamh collaí idir an banfhile agus an leannán fir.

Tá féith an ghrinn le brath san athscríobh dána seo ag Ní Dhomhnaill a thugann fogha faoi na nósanna liteartha atá seanbhunaithe agus a leagann béim ar chúrsaí collaíochta. Is minic a úsáidtear an briathar 'treabh', mar shampla, le cur síos meafarach a dhéanamh ar an chomhriachtain féin. Ní leasc leis an chéad phearsa bhaineann a mianta collaí a admháil go neamhbhalbh: 'threabhfaínn trí fharraigí arda/ is thiocfainn chughat/ mar a luíonn tú/ uaigneach, iathghlas/ oileánach'.

Tá aistriúchán den dán seo ag John Montague agus ag Michael Hartnett. Ábhar suntais cuid de na difríochtaí idir aistriúcháin na beirte. Luaim, mar shampla, an chéad rann ag an bheirt:

Your nude body is an island  
asprawl on the ocean bed. How  
beautiful your limbs, spread-  
eagled under seagulls' wings. (John Montague in *Pharaoh's Daughter* , 41)

Your body an island  
in the great ocean.  
Your limbs spread  
on a bright sheet  
over a sea of gulls. (Michael Hartnett in *Selected Poems*, 71).

Inis Tuaiscirt an t-oileán atá i gceist sa dán 'An Fear Marbh' le Colm Breathnach mar a ndéanann an file a mharana ar an chaidreamh idir é féin agus a athair atá anois básaithe.

### **An tSeanbhean Bhocht**

Mar a luadh thuas, foilsíodh an dán seo sa chnuasach *Feis*, cnuasach a bhfuil struchtúr an-chinnté air bunaithe ar theoiricí síceolaíoch C.G. Jung. Ar an leibhéal is simplí, áfach, is dán é seo ina ndéantar cur síos ar chaidreamh achrannach idirghlúine. Léiríonn an reacaire mná mífhoighde le seanbhean atá ag caitheamh i ndiaidh na laetha atá thart. 'Féachann an tseanbhean orm le neamhshuim is uabhar ... ag cuimhneamh siar ar laethanta geala a hóige'. Tá íoróin áirithe ag roinnt leis an teideal féin. Is beag trua atá ag an reacaire don tseanbhean. Ní seanbhean bhocht atá inti ar dhóigh ar bith, dar leis an chéad phearsa, ach seanbhean ardaicmeach atá lán d'fhéintrua agus nach bhfuil bá ar bith aici leis an ghlúin óg ná leo siúd atá ag freastal uirthi:

Tugaim faoi ndeara nach nguíonn sí  
sonuachar maith chucu nuair a thagann siad  
isteach leis an trádaire líonta síos go talamh  
le gréithe póirseiléine, taephota airgid  
is ceapairí cúcumair.

An tionchar a bhí ag an tseanbhean ar dhaoine eile tráth, tá deireadh leis anois. Ní scáth ná eagla atá ar an chéadphearsa ach leisce dul chun argóna le seanbhean atá imithe in aois leanbaí, dar léi: 'gach seanrá a thagann isteach i mo chloigeann/aon rud ach an tseanbhean bhaoth seo a choimeád socair'. Is é íoróin an scéil ná nach bhfuil sa dán féin ach lear mór seanrá agus nathanna seanchaite.

D'fhéadfaí léamh níos casta a dhéanamh ar an dán seo chomh maith. Tháinig 'An tSeanbhean Bhocht' mar shiombail don náisiún chun cinn sa naoú haois déag (féach Nic Eoin 1998, 224). Is scigathris atá sa dán ar an nós liteartha an náisiún a chur i láthair mar sheanbhean ar thréig a clann í. Is léir go mbraitheann an file go raibh contúirt le siombailí agus le meafair den chineál seo a mheallann fir óga le dul i mbun tróda 'ar son na hÉireann' nó a thugann orthu teitheadh toisc go

mothaíonn siad plúchta ag an náisiúnachas. Tuigtear don fhile gur éiligh an tsamhail seo barraíocht íobairtí ón aos óg: 'na céadta céadta gaiscíoch/ is fear breá a chuaigh le saighdiúireacht in airm na Breataine/ nó a theith leo ar bord loinge go dtí na tíortha teo/ aon ní ach éaló ós na saigheada éagóra/ a theilgeadh sí orthu de shíor'.

## Cathal Ó Searcaigh

### ***Eolas beathaisnéise***

Rugadh Cathal Ó Searcaigh i nGort a Choisce, Tír Chonaill sa bhliain 1956. D'fhreastail sé ar an Institiúid Náisiúnta um Ardoideachas, Luimneach, áit a ndearna sé staidéar ar an Fhraincis, ar an Rúisis agus ar an Ghaeilge. Rinne sé staidéar ar an Léann Cheilteach i Maigh Nuad sa bhliain 1977 agus chuaigh sé ag obair le RTÉ ina dhiaidh sin. Tá trí chinn déag de chnuasaigh filíochta leis i gcló, idir chnuasaigh Ghaeilge agus chnuasaigh dhátheangacha. Is iad sin *Miontraigéide Cathrach* (1975), *Tuirlingt* (1978), *Súile Shuibhne* (1983), *Suibhne* (1987), *An Bealach 'na Bhaile* (1991), *Homecoming/ Bealach 'na Bhaile* (1993), *Na Buachaillí Bána* (1996), *Out in the Open* (1997), *Ag Tnúth leis an tSolas* (2000), *Caiseal na gCorr* (2002), *Na hAingle ó Xanadú, Dánta na hÓige 1970-80* (2005), *Gúrú i gClúidíní* (2006). Ina theannta sin, tá saothar próis agus drámaí foilsithe aige fosta.

### ***Téamaí i bhfilíocht Uí Shearcaigh***

I measc na dtéamaí is mó a thagann chun cinn i bhfilíocht Uí Shearcaigh tá: an dáimh leis an áit dhúchais; ról agus ionad an fhile sa phobal; bá leis an duine atá ar imeall an phobail agus an grá homaighnéasach. Déanann Pádraig de Paor mionscagadh ar thionscnamh filíochta Uí Shearcaigh sa leabhar *Buachaillí Dána: Cathal Ó Searcaigh agus Gabriel Rosenstock agus ról comhaimseartha an fhile sa Ghaeilge* (2005). Tá cuntas níos gairide ar phríomhthéamaí fhilíocht Uí Shearcaigh ag Caitríona Ní Chléiricín in *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge* (2010).

### ***Súile Shuibhne***

Is minic an dáimh leis an áit dhúchais mar théama i bhfilíocht na Gaeilge agus is iondúil gur cur síos maoithneach nó rómánsach a bhíonn i gceist. Ní hionann an scéal, áfach, sa dán 'Súile Shuibhne'. Ní théann an file ar chúl scéithe maidir leis an ghaol chasta atá aige leis an áit dhúchais – an drochaimsir agus an file ag siúl in éadan na mala ina léiriú meafarach ar an ghaol chasta sin: 'ag ardú malach i m'aistear agus i m'aighe/ ag cur in aghaidh bristeacha borba gaoithe'.

Is mar leannán baineann a chuirtear an áit dhúchais i láthair, nós atá ag teacht le traidisiún liteartha na Gaeilge. Is mar chaidreamh grá idir fear agus bean a léirítear an gaol idir an file agus an áit dhúchais: 'b'ise mo mhaoinín/ b'ise mo Ghort a' Choirce'. Murab ionann is filí na cianaimsire, áfach, leagann Ó Searcaigh béim ar bhandacht na talún; ní hamháin gur mar chaidreamh grá ach mar chaidreamh collaí a chuirtear ceangal an fhile leis an áit dhúchais i láthair: tá cíoch na gealaí le feiceáil ar ucht na Mucaise 'ag gobadh as gúna dubh na hoíche'. Athscríobh dána é sin ar nósanna liteartha an traidisiúin.

Tá imirt chliste focal sa rann deireanach. Bealtaine an logainm atá luaite sa chéad rann, ar ndóigh. Tuigtear don léitheoir go bhfuil gaol casta agus braistintí contrártha ag an fhile i leith na háite; go mbíonn sé idir dhá chomhairle faoin dáimh

atá aige leis an áit agus faoin cheangal a chuireann an dáimh sin air; go mbíonn sé 'idir dólás agus dóchas, dhá thine Bhealtaine'. Is geal le leathdhuine é atá curtha ar strae ag galar an ghrá 'caolaím d'aon rúid bhuile mar leathdhuine', ach is as an mhíshocracht sin a eascraíonn a chuid filíochta.

Tugann an tagairt do Shuibhne Geilt sa líne dheireanach leid don léitheoir go bhféadfaí léamh eile a dhéanamh ar an dán seo. Is minic an phearsa mhiotasach seo in úsáid ag filí an Bhéarla le riocht an fhile a chur in iúl. Dá nglacfaí leis gurb ionann an talamh agus Bé na filíochta, is cur síos meafarach atá sa dán ar an chaidreamh atá ag an fhile le Bé na filíochta. Is é sin le rá, is cur síos meafarach atá anseo ar riocht an fhile. Téann áilleacht na háite i bhfeidhm ar an fhile, mealltar é le filíocht a scríobh, an dóigh chéanna a mheallann bean dhóighiúil fear, dar leis. Luaitear na suile striapaí atá ag caochadh anuas air; an chíoch atá le feiceáil ag gobadh amach as gúna.

Tagraítear sa dara rann go speisialta don chrá a bhaineann le cumadh na filíochta agus an dóigh a mothaíonn an file nach féidir brath ar Bhé na filíochta; nach féidir í a cheansú ná talamh slán a dhéanamh de go mbeidh teacht uirthi i dtólamh: 'mise a thug a cuid fiantais chun míntíreachais/ ach tá claonta an dúchais ag teacht ar ais arís.' Ar aon dul le Shuibhne Geilt, is duine le Dia an file; duine atá difriúil le daoine eile; duine a mhaireann ar imeall na sochaí; duine a bhíonn sa tóir ar Bhé éalaitheach na filíochta.

### **Caoradóir**

Tá sraith dánta le Ó Searcaigh dar teideal 'bunadh na gcnoc' ina ndéantar cur síos ar dhaoine aonair ina phobal féin a chuaigh i bhfeidhm air. Is ábhar suntais teidil na ndánta sin – 'Bean an tSléibhe'; 'Caoradóir', mar shampla. Ní thugtar ainmneacha dílse na ndaoine ach go fóill féin éiríonn leis an fhile pearsantacht eisceachtúil gach duine acu a chur in iúl don léitheoir. Cé gur duine ann féin gach duine acu, braitear go dtuigtear don fhile go bhfuil na daoine seo a luann sé ionadaíoch – go mbaineann siad le glúin áirithe a d'fhéach le saol a chaitheamh ar thalamh bhocht – 'ag coraíocht le talamh tíoránta' – agus nár ghéill do luacha meánaicmeacha an mhóraithe.

Cé gur léir ón dán go bhfuil dlúthcheangal ag an chaoradóir leis an áit dhúchais, ní cur síos maoithneach a fhaighimid sa dán seo. Ar aon dul le dánta cáiliúla Patrick Kavanagh 'Stony Grey Soil of Monaghan' nó 'The Great Hunger', tuigtear dúinn gurb í an neamhthorthúlacht atá i ndán don chaoradóir:

Níor aoibhnigh bean é le fuisseoga a póg  
Is níor neadaigh suáilcí an ghrá  
Aon lá riamh i bhfiántas a chléibhe.

Seisce, easpa saoirse, duairceas agus uaigneas a shamhlaíonn an file leis an chaoradóir atá teanntaithe sa ghleann, dar leis. Tá cumhacht ar leith ag roinnt leis an mheafar lárnach; ar nós na gcaorach siúlach a théann ar thóir féaraigh le linn



an gheimhridh, tugann an caoradóir cead a cinn dá shamhlaíocht agus braon faoin fhiacail aige. Santaíonn sé lón anama. Is geal le bó bhradach na smaointe a 'éalaíonn as raon a intleachta':

Tá siúl an tsléibhe ag a thread beag caorach  
ó abhainn Mhín an Mhadaidh go barr na Beithí  
ach tá sé teanntaithe é féin ó bhí sé ina stócach  
ag na claíocha críche atá thart air go bagrach  
ach amháin nuair a bhíonn braon beag imithe chun a chinn.  
Ansin éalaíonn a smaointe as raon a intleachta  
mar chaoirigh siúlacha in ocras an gheimhridh  
ag cuartú féaraigh i ndiamhra an tsléibhe.

Tagann an bás chun cinn sna híomhánna cumhachtacha de na madraí ag coscairt conablach:

Ansiúd is minic creathnú an bháis ina chroí  
nuair a tí sé cnáfairt chnámh ina shlí  
nó a chuid madadh ag coscairt conablaigh  
sna cnoic adaí atá lán de chiúnas agus de chaoirigh.

Déantar pearsantú ar an uaigneas agus ar an dorchadas atá ag iarraidh an deis a thapú mar a bheadh cuairteoir nach bhfuil fáilte roimhe agus ag iarraidh sleamhnú isteach ar nós na luchóg mór:

bíonn sé ag humáil is ag hútháil faoina anáil  
leis an uaigneas a choinneáil ó dhoras, an t-uafás  
a bhíonn ag drannadh leis as an dorchadas  
is a shleamhnódh chuige isteach ach faill a fháil  
le creach a dhéanamh ina chloigeann,  
go díreach mar a ní na luchógaí móra  
crúbáil is creimseáil os a chionn ar an tsíleáil.

Tá codarsnacht éifeachtach sa rann deireanach idir an lúcháir a shamhlaíonn an chéad phearsa leis an am atá caite agus an t-uaigneas agus an bás atá ag druidim leis i rith ama. Meabhraíonn an dá líne dheireanacha dán le Seán Ó Ríordáin, 'Oíche Nollag na mBan', don léitheoir. Sa dán sin, is é an t-anbhás atá de dhíth ar an chéad phearsa. Tá an file ag dréim le stoirm sa dóigh nach gcluinfidh sé an bás ag teacht – 'an ciúnas ag gluaiseacht fam dhéin, ná inneall an ghluaisteáin ag stad'. Sa dán seo le Ó Searcaigh deir an file 'Oícheantaí anois agus é ina luí ar a leabaidh/ cluineann sé druma maolaithe a sheanchroí/ ag gabháil in ísle brí agus ag éirí stadach ...'

## IV

### Máirtín Ó Direáin

#### ***Eolas beathaisnéise***

Rugadh Máirtín Ó Direáin sa tSruthán, Inis Mór Árann, sa bhliain 1910. Mac feirmeora a bhí ann. D'fhág sé an t-oileán in aois a hocht déag lena bheatha a shaothrú i gcathair na Gaillimhe. D'aistrigh sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1938. Bhí sé ina státseirbhíseach go dtí gur éirigh sé as sa bhliain 1975. D'fhoilsigh sé trí cinn déag de chnuasaigh filíochta: *Coinnle Geala* (1942), *Dánta Aniar* (1943), *Rogha Dánta* (1949), *Ó Mórna agus Dánta Eile* (1957), *Ár Ré Dhearóil* (1962), *Cloch Choirnéil* (1966), *Crainn is Cairde* (1970), *Feamainn Bhealtaine* (1971), *Dánta 1939-79* (1980), *Ceacht an Éin* (1984), *Béasa an Túir* (1984), *Tacar Dánta/Selected Poems* (1984), *Craobhóg Dán* (1986)

Murab ionann is filíocht Ní Dhomhnaill agus Uí Shearcaigh atá an-chomhaimseartha, is gá filíocht Uí Dhireáin a chur i gcomhthéacs na tréimhse inar mhair sé ar mhaithe le scoláirí an lae inniu. I ré seo an idirlín agus an tsíorthaistil, is doiligh do mhic léinn an stoiteachas, an coimhthíos agus an deoraíocht a bhrath an Direánach i nGaillimh agus ina dhiaidh sin i mBaile Átha Cliath a thuigbheáil. Caithfear a chur ina luí orthu go raibh níos mó i gceist ná athlonnú – go raibh aistriú ó shaol na tuaithe go saol na cathrach; ó shaol na Gaeilge go saol an Bhéarla agus ó shaol an oileáin go saol na móirthíre i gceist. Nuair a thráchtann an Direánach ar Árainn, tuigtear go minic gurb é Árainn a óige amháin a bhíonn i gceist aige. Cé gur fíor é seo i gcás an chéad chnuasaigh, is amhlaidh gur oileán de chuid na samhlaíochta a bhíonn i gceist ina shaothar déanach; oileán a chum sé le cur i gcodarsnacht leis an saol dearóil cathrach agus leis an ré dhearóil inar mhair sé, dar leis féin. Ag trácht dó ar an dara cnuasach leis, *Ó Morna agus Dánta Eile*, deir Mícheál Mac Craith:

Go dtí seo ba í Árainn iarbhír na tíreolaíochta bun agus barr a chuid filíochta, ach athraíonn sé feidhm an oileáin ó oileán na réadúlachta go dtí an t-oileán mar ghléas siombalach. (Mac Craith 1993, 14)

#### ***An tEarrach Thiar***

I gcodarsnacht le saorvéarsaíocht Ní Dhomhnaill agus Uí Shearcaigh, tá struchtúr an-chinnté leis an dán 'An tEarrach Thiar'. Liriceoir den scoth ba ea an Direánach a raibh sé de bhua aige caint a mhuintire a shaothrú le mórán a rá i mbeagán focal. Sa chás seo, tá teideal an dáin mar a bheadh curfá ann. Tá cur síos ar ghné éigin d'obair agus de shaol an oileáin i ngach rann: fear ag glanadh cré den spáid; fear ag caitheamh cliabh dá dhroim; mná i locháin; fir ag rámháíocht. Is fíor do Mhac Craith gur dathadóir focal é an Direánach a n-éiríonn leis íomhánna tarraingteacha a chruthú ar bhealach gonta. Cé gur obair mhaslach atá i gceist i ngach cás; na hoileánaigh ag coraíocht leis an timpeallacht agus iad ag éirí teacht slán, is cur síos maoithneach rómánsach a dhéantar ar dhálaí saoil na n-oileánach, an aimsir á mbeannú, shílfeá, agus iad i mbun oibre 'sa chiúnas séimh/ i mbrothall

lae' nó 'i dtaitneamh gréine/ ar dhuirling bhán'. Is léir go samhlaíonn an file go bhfuil fiúntas ag roinnt leis an obair seo; gurb uaisle na daoine seo de bharr an chruatain. Tá codarsnacht idir an obair mhaslach a ndéantar cur síos uirthi i dtús gach rainn agus an tuiscint atá ag an fhile ar an obair sin: 'Binn an fhuaim', 'Niamhrach an radharc', 'Támhradharc sítheach'. Is fiú rabhadh Mhic Craith a thabhairt chun cuimhne anseo:

Cuimhnímis gur trí spléaclaí daite an deoraí atá an file ag breathnú siar ar laethanta a óige; cuimhnímis freisin, fiú nuair a bhí sé ina chónaí ar an oileán nach raibh mórán taithí pearsanta aige ar an gcineál seo oibre agus ar an anró a bhaineadh léi. (Mac Craith 1993, 11)

### ***Cuimhne an Domhnaigh***

Is mór idir an léargas leataobhach ar shaol an oileáin a fhaightear sa dán deireanach a pléadh agus an léiriú caolchúiseach a fhaightear sa dán 'Cuimhne an Domhnaigh'. Má tá imir den rómánsaíocht le brath sna línte tosaigh, tugann na línte a leanann an taobh eile den scéal: is ag spalpadh anuas ar thalamh ghortach an oileáin atá an ghrian, 'mórchuid cloch agus gannchuid cré'. Meath an oileáin agus meath na slite beatha a shamhlaigh an file leis an oileán is ábhar don dán seo.

Mianchumha an duine a thuigeann go bhfuil meath ag teacht ar shaol an oileáin atá le brath sa dara rann. Tráchtar ar dhálaí saoil na n-oileánach agus aithnítear gur fhág an obair mhaslach a rian orthu – cló na cloiche ar na fir a bhíodh ag baint na gcloch agus ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach ar thalamh ghortach an oileáin. Talamh bocht an sceirdoileáin agus an easpa deiseanna a lean de sin a thug ar an dream óg an t-oileán a fhágáil agus gan aon rún acu filleadh: 'is chím an dream óg a thréig go héag'. Caíonn an file cás na máithreacha go speisialta, mná nach raibh de rogha acu ach cuimhne a choinneáil ar na páistí a d'imigh ar imirce. Tá imeartas cliste focal sa líne dheireanach seo. Ciallaíonn an focal 'dán' cinniúint nó dréacht filíochta. I nGaeilge Árann is ionann dán agus rópa a cheanglaítear d'adharca bó sa dóigh nach dtitfidh siad san fharraige agus iad á gcur chun na mórthíre. Ní hacmhainn do mháithreacha Árann a gcuid páistí a chosaint ó chontúirtí na himirce ná ó chora crua an tsaoil, áfach. Is le dán na cuimhne amháin a cheapfar iad.

### ***Blianta an Chogaidh***

Foilsíodh an dán seo sa chnuasach *Ó Mórna agus Dánta Eile* (1957). Deir Eoghan Ó hAnluain faoin dán seo:

Is sa dán seo is scanrúla a nochtáitear gnéithe áirithe d'aeráid intleachtúil na hardchathrach aimsir an chogaidh: an frustrachas pearsanta, an crá coinsiasa, an tuiscint chráite do leamhas agus do leadrán an tsaoil. (Ó hAnluain 1975, 21)

Murab ionann is na dánta eile a pléadh go dtí seo, baineann ‘Blianta an Chogaidh’ le saol na cathrach agus ní hamháin sin, ach baineann sé le tréimhse ar leith mar a thugann an teideal le fios.

Is dán fealsúnta é seo ina ndéanann an file machnamh ar chúrsaí polaitíochta na linne agus ar neodracht na hÉireann le linn an Dara Cogadh Domhanda agus ar na himpleachtaí a bhí ag an seasamh sin do mhuintir na tíre, don aos dána go speisialta. Ciontacht is mó a bhraitear sa chéad rann, fál cainte mar chosaint ‘idir sinn is ár gcrá’ a fhad is atá daoine eile ag fulaingt go tréan. Leantar leis an fhéincháineadh seo sa dara agus sa tríú rann – is beag meas atá ag an fhile ar an fhear bhéalscaoilteach a shíleann go dtuigeann sé an leath baineann den chine dhaonna i bhfianaise iompar mná amháin. Is lú fós an meas atá ag an fhile ar a chomhthírigh a leanann orthu beag beann ar an phian agus ar an pháis atá á bhfulaingt ag ciníocha eile. Tuigtear don fhile nach bhfuil aon ábhar maíte ná tuar dóchais i ndán dá chomhthírigh, daoine atá, dar leis, ‘silte gan sinsear’, ‘stoite gan muintir’, ‘gan gaisce gan grá’, ‘gan aisce don fháistin’. Níl aon fhuascailt ná faoiseamh ag roinnt leis an litríocht féin; níl inti ach dóigh eile leis an fhírinne shearbh a sheachaint. Is léir go mothaíonn an file míshocair mar gheall ar an dóigh a bhfuil a thír féin agus a muintir ag maireachtáil ar bhruach na staire.

Mar seo a leanas a rinne Máire Mhac an tSaoi cur síos ar an tréimhse sin:

Ní hé go rabhamar beag geann ar shaol na dtíortha sin ach caithfear a admháil gur mhó ba chosúil muid sa méad sin le lucht féachana ar dhráma mór, na haisteoirí sna ‘sciatháin’ a thuig go mbeadh a bpáirt féin le glacadh go fóill acu sa ghníomhaíocht. (in Ó hAnluain 1975, 27)

Níl aon chuid den dóchas sin a luann Mhac a’ tSaoi maidir le gníomhaíocht le brath sa dán seo, áfach. Stoiteachas an mothú is mó a fhaightear sa rann deireanach – aicme gan fréamha i dtalamh atá sa ghlúin seo; dream nach dtuigeann an cruatan ná an fhreagracht shóisialta. Níorbh fhiú leo cuing a cheangal, dream a shéan an dlúthcheangal a bhí riamh anall idir cúrsaí polaitíochta na tíre seo agus cúrsaí polaitíochta na Mór-Roinne, ‘drong nar rod leo a n-athardha’.

### ***Liosta léitheoireachta***

De Paor, P. 1989. ‘Ó Liombó go dtí Sráid Grafton,’ *Innti* 12, 39-63.

De Paor, P. 2005. *Na Buachaillí Dána: Cathal Ó Searcaigh, Gabriel Rosenstock agus ról comhaimseartha an fhile sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Mac Craith, M. 1993. ‘Ón Oileán Rúin go Rúin an Oileáin’, in C. Mac Giolla Léith (eag.) *Cime mar Chách: Aistí ar Mháirtín Ó Direáin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 3-22.

Montague, John (ed.), 1974: *The Faber Book of Irish Verse*. London: Faber & Faber.

Ní Chléiricín, C. 2010. ‘Cathal Ó Searcaigh’, in Ríona Ní Fhrighil (eag.) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 121-41.

Ní Dhomhnaill, N. 2000. ‘Cé leis Tú?’ *Éire-Ireland* 35(1&2), 39-78.

Nic Dhiarmada, B. 1993. 'Immram sa tSíce: Filíocht Nuala Ní Dhomhnaill agus Próiseas an Indibhidithe', *Oghma* 5, 78-94.

Nic Eoin, Máirín, 1998: *B'ait leo Bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó hAnluain, E. 1975. 'Nóta faoi *Blianta an Chogaidh* le Máirtín Ó Direáin', *Scríobh* II, 19-29.

Ó Tuama, S. 1986. 'Filíocht Nuala Ní Dhomhnaill: An Mháthair Ghrámhar is an Mháthair Ghránna ina cuid filíochta', *Léachtaí Cholm Cille* XVII, 95-116.

O'Rathile, T. (eag.) 1976. *Dánta Grádha: An Anthology of Irish Love Poetry 1350-1750*. Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí. 3ú heagrán.

## Seán Ó Ríordáin

### ***Eolas beathaisnéise***

Duine de mhórfhilí na Gaeilge ón 20ú haois ba ea Seán Ó Ríordáin. Rugadh i mBaile Bhuirne i nGaeltacht Mhúscaí, Co. Chorcaí é 3 Nollaig 1916, agus is ansin a chaith sé tús a óige. I ndiaidh dá athair bás a fháil, bhog an teaghlach go léir isteach go hInis Cara, ar imeall chathair Chorcaí. D'fhreastail sé ar an mheánscoil cháiliúil, an Mhainistir Thuaidh (nó an *North Mon*, mar is fearr eolas ag daoine air). Chaith sé an chuid is mó dá shaol ina chónaí i gcathair Chorcaí. Foilsíodh a chéad chnuasach dánta, *Eireaball Spideoige*, sa bhliain 1952, agus is ina dhiaidh sin a bhain sé clú amach dó féin mar fhile nua-aimseartha. Tháinig an dara cnuasach leis, *Brosna*, amach sa bhliain 1964. Thart ar an am céanna a foilsíodh an leabhar *Rí na nUile*, cnuasach dánta diaga Sean-Ghaeilge, comhfhiontar idir é féin agus an sagart léannta, Seán S. Ó Conghaile C.Ss.R, scoláire Sean-Ghaeilge. Chleacht sé ceird na hiriseoireachta fosta agus scríobhadh sé ailt go rialta ar an nuachtán *The Irish Times*. File fealsúnach Críostaí ba ea Ó Ríordáin. Bhíodh rúndiamhra na beatha agus an bháis, na síoraíochta agus an pheaca ag cur as dó go minic agus fiosraíonn sé na téamaí sin go minic ina chuid filíochta. Ag an am céanna léirigh sé grá don dúchas Gaelach agus do na traidisiúin a bhaineann le saol na Gaeltachta. Feictear, mar sin de, beim mhór i gcuid mhaith dá chuid dánta ar an choimhlint idir an dá oidhreacht chultúir sa tír seo, oidhreacht na Gaeilge agus oidhreacht an Bhéarla.

Chleacht Seán Ó Ríordáin stíleanna nua, go háirithe mar a bhaineann le foclóir ina chuid filíochta. Bhain sé úsáid as ciútaí liteartha nach raibh chomh coitianta sin i measc fhilí na linne luaithe sin. Is minic, mar shampla, a bhíodh ainmfhocail éagsúla á gceangal le chéile le téarmaí nó le híomhánna nua a chruthú. San dán 'An Peaca' tá 'scamallsparán' agus 'daoscarscread' le fáil, mar shampla. Faightear 'screadstracadh' agus 'nóinbhrat' sa dán cáiliúil a scríobh sé faoi bhás a mháthar, 'Adhlacadh mo Mháthar'. Rinne sé briathar as a shloinne féin, fiú, sa dán 'Tost': '... Tá m'aighe fé ghlás,/ níl agam cead isteach/ le go ríordánóinn an farasbarr neamhscríte' mar thagairt don tslí shainiúil a mbíodh sé ag tabhairt faoi láimhseáil na teanga agus é ag scríobh filíochta. Is minic a bhí sé ag iarraidh pictiúr níos soiléire a chruthú nó gné nua de rud éigin a shainmhíniú ar bhealach níos tuisceanaí nuair a bhíodh an nós seo ar siúl aige ina chuid filíochta.

### ***Téamaí i bhfilíocht Uí Ríordáin***

Bíonn an choimhlint nó an t-aighneas i gceist go minic ina chuid filíochta, e.g.: an creideamh *versus* an t-amhras; an fhéinmhuinín agus an féincheistiú; an dóchas *versus* an t-éadóchas; an tsláinte *versus* an tinneas; an bás *versus* an bheatha; an Ghaeilge *versus* an Béarla; an Ghaeltacht *versus* an Ghalltacht nó an file *versus* an pobal. Is minic a bhíonn meafar an tsolais in úsáid aige mar shiombail de ghnéithe dearfacha a shaoil. Os a choinne sin, meafar an dorchadais (an doircheacht) a bhíonn le feiceáil mar shiombail de ghnéithe diúltacha a shaoil i

gcuid mhaith de na dánta a scríobh sé. Tabhair faoi deara a mhínice a bhíonn tagairtí i gcuid mhór de na dánta dóibh seo a leanas: lá agus oíche, gealach agus grian, solas agus dorchadas etc. (e.g. 'Solas', 'Oíche Ghealaí', 'Claustrophobia').

Déanann sé streachailt mhór ina chuid filíochta ciall a bhaint as an saol agus a ról féin ann. Is 'síorchuardach' nó 'síorlorg' faoin chreideamh, faoin bheatha féin agus faoin bhás, a bhíonn ar siúl aige go minic sna dánta a scríobhadh sé. Is minic a fheictear an t-aighneas idir a chuid mothúchán pearsanta féin agus righneas an tsaoil ar fhás sé suas ann: Éire na 30idí, 40idí agus 50idí. Is file é a bhíodh de shíor ag ceistiú chiall na beatha agus an chreidimh, fiú, agus é ag iarraidh teacht ar fhreagraí ar cheisteanna móra an tsaoil.

### **An Peaca**

Is dán cumhachtach é seo ina dtarraingíonn Seán Ó Ríordáin cúpla snáithe éagsúil le chéile. Féach mar a léirítear a chaidreamh leis an fhilíocht a fhiosrú taobh lena chaidreamh leis an chreideamh. Is file 'faoi choimhlint' é. Measctar teanga an chreidimh le teanga na filíochta agus na litríochta chun an dá ghné mhóra sin dá shaol a chur faoi scrúdú.

Tá teanga an aighnis le brath ar an dán. Sa chéad leath de, tá muinín agus cumas an fhile sa ghnó atá ar siúl aige le feiceáil go soiléir. Sa dara leath, áfach, buaileann an léitheoir le teip (nó cliseadh) agus amhras an fhile. Tig linn a rá faoin chéad dá véarsa go bhfuil an teanga atá iontu lán le háilleacht agus le dearfach (vv 1-2): 'réal na gealaí', 'mar eala ag cuimilt an locha sa snámh'; 'is do chuimil go cneasta an oíche'; 'anam dea-chumtha na hoíche'; 'mar chomhfhuaim ag titim go ceolmhar trí dhán'.

Éiríonn an teanga níos dorcha agus níos diúltaí sa dara leath den dán (vv 3-4): 'daoscarscread míchumtha ard/ 'na urchar trí ghloine na hoíche'; 'fé chrúbaibh an mhasla san aoileach'. Tá an pictiúr síochánta suaimhneach a cruthaíodh sna chéad véarsaí scriosta anois.

Is sa cheathrú véarsa a fhaighimid eochair an dáin. Tá ceangal á dhéanamh ag an fhile idir áilleacht na hoíche agus giniúint nó cumadh na filíochta. Tá an file ag iarraidh a chur in iúl don leitheoir gur gnó spioradálta é an fhilíocht a chumadh. Is rud neamhaí foirfe é an dán nuair a scríobhtar é mar go mbíonn sé ag brath ar inspioráid an fhile ón tús. Cuireann an frása 'fuacht na filíochta' cumhacht uafásach na filíochta in iúl dúinn. Bíonn rud éigin draíochtúil nó beagnach spioradálta ar siúl ag filí nuair a chruthaíonn siad dán – baineann *frisson* leis. Léiríonn Ó Ríordáin sa dán seo go raibh sé ag iarraidh dán ceart, dán maith a scríobh agus an inspioráid cheart aige ach nuair a d'fhéach sé ar an rud a bhí scríofa aige ar deireadh is 'prós a bhí in áit na filíochta'. Theip air an babhta seo agus tharla rud éigin a scríos an inspioráid agus a shlaigh an t-atmaisféar spioradálta. Bhí 'peaca ar anam na hoíche' agus tuigimid go mbraitheann an file gur scríos rud éigin an dán féin agus gur fhág sé ina phíosa próis é. Tuigimid fosta go mb'fhéidir go mothaíonn sé féin freagrach, ar shlí indéreach éigin, as an teip seo.

### **Roinnt dátaí tábhachtacha i saol Uí Ríordáin**

3 Nollaig 1916	Rugadh Seán Ó Ríordáin i mBaile Bhuirne.
3 Márta 1926	Cailleadh a athair agus é 43 bliain d'aois.
Samhradh 1932	Bhog an líon tí ó Bhaile Bhuirne go hInis Cara.
1932-1936	Bhí sé ina mhac léinn sa Mhainistir Thuaidh.
10 Eanáir 1937	Ceapadh ina Oifigeach Cléireachais i mBardas Chorcaí é.
1 Aibreán 1938	Sa <i>Sanatorium</i> den chéad uair.
Lá Caille 1940	Thosaigh sé an dialann.
Márta 1944	An chéad dán leis foilsithe san iris liteartha, <i>Comhar</i> .
21 Eanáir 1945	Bás a mháthar.
1952	Foilsíodh a chéad chnuasach dánta, <i>Eireaball Spideoige</i> .
1964	Foilsíodh an dara cnuasach dánta, <i>Brosna</i> .
1966	Foilsíodh cnuasach dánta spioradálta, <i>Rí na nUile</i> .
1967-1975	Altanna leis foilsithe in <i>The Irish Times</i> .
1971	Foilsíodh an tríú cnuasach dánta, <i>Línte Liombó</i> .
16 Feabhra 1977	An iontráil dheireanach sa dialann.
21 Feabhra 1977	Bhásaigh Seán Ó Ríordáin.
1978	Foilsíodh an ceathrú cnuasach dánta leis, <i>Tar Éis mo Bháis</i> .
1980	Foilsíodh <i>Scáthán Véarsaí</i> , cnuasach de rogha dánta.

### **Liosta léitheoireachta**

Denvir, Gearóid. 1997. 'Solas ar an nGloine: Gné d'Fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin', in Gearóid Denvir (eag.) *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Denvir, Gearóid. 2003. 'Seán Ó Ríordáin' in *The Encyclopaedia of Ireland*, Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 842.

Mac Murchaidh, Ciarán. 1992. 'Lux et Tenebrae i bhFilíocht Sheáin Uí Ríordáin', *An tUltach*, (Aibreán), Comhaltas Uladh, 4-8.

Ní Loingsigh, Máiréad (eag.). 2008. *Tar Éis a Bháis: Aistí ar Sheán Ó Ríordáin*, Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.

Ó hAnluain, Eoghan (eag.). 1980. *An Duine is Dual: Aistí ar Sheán Ó Ríordáin*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Tuama, Seán. 1978. *Filí faoi Sceimhle*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.



## VI

### Gréagóir Ó Dúill

#### ***Eolas beathaisnéise***

Rugadh Gréagóir Ó Dúill i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1946. Taistealaí tráchtála as Baile Átha Cliath ba ea a athair agus státseirbhíseach ba ea a mháthair. Bhíodh dánta Béarla leo siúd agus le haintín leis i gcló ar irisí a d'fhoilsítí i mBaile Átha Cliath sa tréimhse idir na tríochaidí agus na hochtóidí. Chuaigh an teaghlach a chónaí ar an Chionn Bhán i gCo. Aontroma nuair a bhí sé cúig bliana d'aois. Is ar an bhaile sin agus ar Choláiste Maolmhaodhóg, Béal Feirste, a fuair sé a chuid oideachais agus is iad na múinteoirí Muiris Ó Droighneáin agus an tAthair Joe Conway is mó a chuaigh i gcion air ansin. Ghnóthaigh sé céim BA sa Stair ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste sa bhliain 1968, an bhliain ar phós sé Cáit Ní Mhuirígh, múinteoir teangacha. Idir 1971 agus 1975 bhí sé ag staidéar go páirtaimseartha i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus bhain sé cáilíocht cartlannaíochta agus MA sa Stair amach le linn na tréimhse sin fosta. Is ar Samuel Ferguson a scríobh sé an tráchtas lenar ghnóthaigh sé an chéim dochtúireachta i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, sa bhliain 1989. Bhí tionchar mór ag Barbara Hayley (an tOllamh le Béarla) air agus é i Maigh Nuad.

Bhí poist éagsúla ag Gréagóir Ó Dúill i rith a shaoil oibre: mar mhúinteoir Béarla agus Staire; mar chartlannaí in Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn; mar oifigeach riaracháin ag Bord na Gaeilge; mar Phríomhoifigeach Cúnta i Roinn na Seirbhíse Poiblí agus i Roinn an Airgeadais. D'éirigh sé as an státseirbhís sa bhliain 1991 agus tá sé ina scríbhneoir lánaimseartha ó shin. Ba ghnách leis scríobh na filíochta a mhúineadh ar an chúrsa MA i dTeach na hÉigse, an Fál Carrach, Dún na nGall agus ceapadh é ina stiúrthóir cúnta ar an choláiste sin sa bhliain 2001. Tá sé ina scríbhneoir cónaithe in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge faoi láthair. Déanann sé a chuid ama a roinnt idir Baile Átha Cliath agus an Ardaigh Bheag, in aice le Gort an Choirce i ngaeltacht Dhún na nGall.

#### ***Téamaí i bhfilíocht Uí Dhúill***

Téann Ó Dúill i ngleic le réimse leathan téamaí ina chuid filíochta, e.g.: an caidreamh grá idir daoine (go háirithe an lánúin phósta); an streachailt a dhéanann daoine agus iad i ngleic leis an bhás agus an bheatha, an tsláinte agus an mhíshláinte (nó an tinneas); an t-uaigneas agus an t-imeallú a mhothaíonn daoine ina saol ó am go chéile. Chomh maith leo sin, pléann an file leis an chliseadh neirbhíní a ndeachaigh sé féin tríd ina shaol.

Téann an file i ngleic leis na cosúlachtaí agus na héagosúlachtaí a bhaineann lena thaithí ar bheith ina chónaí sa Tuaisceart agus sa Deisceart. Tá tuiscint an-mhaith aige ar Thrioblóidí na Sé Chontae agus iarmhairtí na linne sin. Léiríonn sé tuairimí láidre go minic i dtaca le héigiall an chogaidh agus na troda fosta. Tá ról lárnach ag an dúchas agus an nádúr ina chuid filíochta chomh maith.

### ***I gCuimhne 75,000 Éireannach***

Is dán frithchogaidh é an dán seo i dtraidisiún Siegfried Sassoon, Wilfred Owen agus Robert Graves. Tá an file ar cuairt ag cuid de na láithreacha cogaidh féin ar an mhór-roinn. Mothaíonn sé cuid den uafás a tharla blianta ó shin sna páirceanna síochánta a bhfuil sé ag amharc anois orthu.

Sa chéad chuid den dán cruthaíonn sé pictiúr an-mhaith d'uafás an chogaidh agus den fhulaingt a rinne na saighdiúirí sna trínsí. Tá éigiall an chogaidh á plé agus á léiriú aige sna véarsaí sin. Tá an dán suite i gcomhthéacs an Chéad Chogaidh Dhomhanda, cogadh inar tharla cailliúint fhíochmhar beatha chomh maith le híobairtí scanrúla.

Úsáideann an file teanga láidir i véarsaí 1 agus 2 chun an scanrúlacht sin a chur in iúl don léitheoir. Deir sé go raibh na saighdiúirí cosúil le luchóga móra (nó francaigh) sna trínsí sin. Bhí an oiread sin acu ann agus bhí na coinníollacha maireachtála chomh huafásach sin nach bhféadfá cur síos ar bith eile a chur orthu ach sin. Ba mhinic an cath agus an troid ar siúl thart orthu agus iad ag iarraidh bogadh timpeall 'faoi mhíotal mire sliogán is meaisínghunnaí'. Ní hiad na gunnaí agus na sliogáin amháin a bhí ann ach 'miasma mhustaird' a bhíodh thart gach áit agus gártha na bhfear sin a bhí gortaithe go dona le cloisteáil ar fud na páirce: 'screadaíl bhuile mar fhuil airtéire ag pumpáil de stumpa'. Bhí poill gach aon áit agus 'málaí aimhréiteacha *khaki*' iontu agus 'éadaí ar crochadh de shreanga an Luain'. (Lá an Luain a thugtar ar an lá deireanach den domhan nó ar 'doomsday' i dtraidisiún na Gaeilge agus tá éadaí na saighdiúirí marbha ceangailte go gíoblach leis an tsreang dheilgneach ar pháirc an chatha mar mheabhrú ar an radharc sin. Is ionann Lá an Luain, beagnach, agus na radharcanna a bhíodh le feiceáil le linn na gcathanna fíochmhara a troideadh.)

I véarsa a 3 cuireann an file síos ar an tsíorthroid a bhíodh ar siúl sa chogadh sin, taobh amháin ag troid leis an taobh eile; gach taobh ag déanamh ionsaí ar a chéile, lá istigh lá amuigh. Oifigigh óga gan taithí a bhí i gceannas na saighdiúirí coise. Bhí ar na saighdiúirí coise dul amach ag troid agus aghaidh a thabhairt ar ghunnaí móra agus ar bhuamaí. Is daoine móra in oifigí (polaiteoirí, ginearáil etc.) a chuireadh amach chun catha iad agus creideann an file go raibh siad siúd dall ar an dochar a bhí á dhéanamh acu: '*Justitia* a cheapann na ginearáil, an bhitseach chaoch.' Ní fheiceann an file ciall ar bith leis an troid agus leis an mharú seo uilig.

Is 'láthair bhradach' atá sna háiteanna seo inar tharla na cathanna go léir sa Chéad Chogadh Domhanda. Goideadh beatha na gcéadta míle fear óg ar na láithreacha cogaidh seo agus tá 'corp m'oifigigh óig' ina shiomail an-láidir d'éigiall na cogaíochta – corp marbh fir óig ina luí ar pháirc an áir, 'béal úr ina éadan le hamadáin a mhealladh'. Níl ach amaidí ag baint leis an chogadh agus an cogaíocht, dar leis an fhile. Cén toradh a bhíonn ar a leithéid ach an scrios a leanann í agus an bás féin?

Sa véarsa deireanach, tá an file ‘ar an Mhór-roinn’ go fóill, ‘caillte ach beo’. Níl sé in ann ciall cheart a bhaint as an mharú agus as an dochar go léir a tharla sna cathanna sa Chéad Chogadh Domhanda, (‘an cogadh a chuirfeadh deireadh le gach cogadh’ mar a tugadh air ina dhaidh sin).

## **One for Sorrow**

### ***in memoriam Máire Doyle***

Dán in ómós d’aintín leis an fhile, Máire Doyle, atá i gceist leis an dán seo. Is cur síos ar thréithe agus ar phearsantacht na haintín agus í ina bean óg, agus ar an ghalar a tháinig uirthi níos moille ina saol (galar ar nós galar Alzheimer) atá i gceist sa dán.

Sa chéad leath den dán, tá cur síos ar an chineál pearsantachta a bhain leis an aintín agus an dóigh a dtiocfadh léi ‘earrach faoi bhláth’ a thabhairt léi cibé áit a mbíodh sí. Chuireadh an aintín máthair an fhile a ghéire agus chuireadh sí aoibh uirthi nuair a thagadh sí ar cuairt go dtí an teach. Bhí gaol an-mhaith idir máthair an fhile agus an aintín: ‘Chuirte ó dhoras mé, tráth na rún/ á malartú ina dtoitín cogarnaíle ... an dá cheann crom i dtreo a chéile agus gan slí ann dom.’ Bhíodh ar an fhile imeacht as an seomra le go mbíodh deis ag na mná bheith ag cabaireacht agus ag comhrá lena chéile go príobháideach. Bhíodh atmaisféar maith sa teach i gcónaí agus an aintín ansin.

Nuair a bhíodh cead ag an fhile teacht isteach sa seomra arís, bhíodh a aintín an-chineálta ar fad leis: ‘Shuinn ina hucht, ucht gan boladh bainne,/ is b’ionann dath ár ngruaige. Barr a méire/ le barr mo shróine, ghéireadh sí faoi fhiaradh mo shúl/ go gcuirfeadh mo mháthair stop leis sin mar amaidí.’ Is léir go raibh an-ghrá ag an aintín don fhile agus go raibh seisean an-tógtha léise chomh maith. Thaitin na móimintí príobháideacha grámhara sin leis go mór nuair a thugadh a aintín barróga agus póga dó agus nuair a bhídís ag spraoi lena chéile.

Bhí an-suim ag an aintín sa cheol agus is léir go mbíodh ceol ar siúl gan stad sa teach nuair a bhíodh sí ar cuairt: ‘Ba sheolta a sciortaí geala agus ise ina crann,/ ina crann ceoil, fómhar duilleoga ag imeacht ina stoirm nótaí,/ mo chealgadh de shiosarnach duilliúir ... nó mise ar a glúin, a dá sciathán thart orm, a méara ag dúiseacht an phianó, ag cur an gheal ina dhubh, an dubh ina gheal, mo mháthair ag ceol léi’.

Sin iad na cuimhní atá ag an fhile ar na hamanna spraoi agus pléisiúir sin nuair a bhíodh an aintín lán de bheocht agus í i lár na n-imeachtaí taitneamhacha a bhíodh ar siúl agus í ar cuairt sa teach.

Nuair a dhéanann an file tagairt don snag breac i lár an dáin, is léir gur ag tagairt do theacht an tinnis ar a aintín atá sé. Athraítear atmaisféar an dáin láithreach. Úsáideann an file an t-éan sin mar mheafar don tinneas féin. Is meafar an-láidir é mar tugann sé deis don fhile cineál agus dul chun cinn an tinnis a mhíniú don léitheoir ar bhealach an-soiléir. Deir sé gur ‘shocraigh [an snag breac],/ thóg cipíní

marbha, bhris cipíní beo, agus d'fheistigh/ meall éadrom dubh in airde ar an bheith.' Tá a fhios ag an saol mór go ndéanann an snag breac nead an-mhíshlachtmhar sa chrann. Seasann an bheith (an crann) d'intinn a aintín agus an nead don trí chéile a bhíonn ann nuair a thógann an snag í. Féach mar a chuireann an file síos ar an mhíréir a thugann an snag breac leis: 'Dhúbail siad, a nglórtha ina gcallán meaigne,/ chuir an crann ó nádúir,/ ... ach d'imir ál na snag a gcluichí garbha fud an bhaill'. Rinne an snag breac agus a chlann an-dochar, go ,eafarach, in intinn na haintín. D'fhág a gnáthchumas feidhme an aintín diaidh ar ndiaidh, de réir mar a chuireann an snag breac an ruaig ar chréatúir eile an nádúir as an chrann: 'Theith mionéin, chúlaigh cat, rinneadh ár ar fheithidí/ agus ba shnagach síoraí siollaí an Morse, gan teanga cheangail,/ barraíocht de na nótaí briste, casúir bheaga veilvit imithe ó mhaith'. Ceann ar a chéile, fágann na buanna go léir a bhíodh ag a aintín. Déanann an snag (i.e. an galar) dochar do na casúir bheaga ar an pianó, fiú, agus ciallaíonn sé sin gur thréig a cumas ceoil an aintín diaidh ar ndiaidh. Fágann an líne 'Níl códleabhar agam do chomharthaí láimhe na ciúinphráinne' an léitheoir fuar nó tuigtear don fhile go bhfuil a cumas cumarsáide á cailleadh ag an aintín agus go dtuigeann sí féin, ar bhealach éigin, go bhfuil rud éigin aisteach ag tarlú di ach ní thuigeann an aintín ná an file i gceart cad é atá ar bun. Titeann balla eatarthu de réir a chéile a choscann ar an chumarsáid mhaith a bhíodh eatarthu, tráth.

Feicimid dul chun cinn an ghalair mhíthrócairigh seo ar intinn an aintín. Tá liostaí fágtha le ballaí agus na gnáthchúraimí tí ('rialacha na cistine') ag imeacht in aimhréidh. Ní bhacann an aintín leis na rudaí sin a thuilleadh. Anois is í an aintín atá greamaithe den tolg, amhail éan ar nead. Tá an t-athrú atá ag teacht uirthi ag éirí níos soiléire: 'A súile ba uibheacha smólaigh, anois ina nglíogair.' Tá fianaise ann anois go bhfuil damáiste an-mhór á dhéanamh dá hintinn ag an nead mheafarach (i.e. an galar): 'D'fhág dul faoi a haighe rian den óige shimplí sin/ ba chuimhin liom ó ba mise a bhí naíonda.' Ar nós na gréine, tá intinn a aintín ag dul faoi agus tá simplíocht na hóige ag teacht uirthi arís ar bhealach níos follasaí.

Is é an véarsa deireanach an áit a ndéanann an file comóradh ar Mháire Doyle, áfach. Cé go bhfuil pearsantacht na haintín, mar a bhíodh, ag imeacht ar fad, is cuimhin leis an fhile an aintín a bhíodh ann, tráth: 'Ach, a Mháire, a chuid, is briathartha dod ainm go fóill'. Mairfidh sí díreach mar a bhíodh sí in intinn an fhile agus i bhfocail an dáin seo ina ndéantar a cuimhne a mhóradh agus a cheiliúradh as na buanna iontacha a bhí aici i rith a saoil. Fágann línte deireanacha an dáin imprisean an-láidir ar an léitheoir nó is ráiteas láidir ón fhile é go leanfaidh sé de bheith ag caomhnú na pearsantachta áille a cailleadh trína chuimhní féin agus trína mheas féin ar an bhean, ar thug sé an oiread sin grá di, a cheiliúradh a mhinice is feidir leis.

### ***Liosta léitheoireachta***

Hodder, Liam. 1997. Leirmheas ar *GarbhAchadh*. *Poetry Ireland Review* 52, 101-3.  
Mac Craith, Mícheál. 2000. 'An Ollscoil, an chanóin agus an nuafhilíocht' in Mícheál Ó Cearúil (eag.), *Aimsir Óg* 2. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 371-9.

- Mac Murchaidh, Ciarán. 2010. 'Gréagóir Ó Dúill' in Ríona Ní Fhrighil (eag.) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 181-204.
- Ó Cearnaigh, Seán. 1986. Léirmheas ar *Dubhthrian*. *Comhar* (Aibreán), 33.
- Ó Cearnaigh, Seán. 1995. Léirmheas ar *Saothrú an Ghoirt*. *Comhar* (Márta), 28.
- Ó Dúill, Gréagóir. 2001. 'Aiste' in *Rogha Dánta 1965-2001*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 11-24.
- Ó Marcaigh, Fiachra. 1982. Léirmheas ar *Cliseadh*. *Comhar* (Deireadh Fómhair), 40.
- Riggs, Pádraigín. 1985. Léirmheas ar *Cliseadh*. *Innti* 9, 61-2.
- Titley, Alan. 1995. Léirmheas ar *Saothrú an Ghoirt*. *Poetry Ireland Review* 46, 93-5
- Welch, Robert. 2000. Léirmheas ar *Fearann Pinn: Filíocht 1900 go 1999*. *Poetry Ireland Review* 67, 65-7.